18

Focail Dheacra

	Lch
mioscais	183
bromach	184
teiteanas	185
drithleog	192
ruaille-buaille	193
liúdramáin	194
ar fónamh	194

Frásaí

	Lch
ar luas lasrach	183
ar bharr na dtonn	185

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cad é a thug le fios do Joey go raibh an cogadh go fóill ag dul ar aghaidh?
2. Cad é a rinne an Sáirsint Ó Tóirní a léirigh nach raibh sé chomh crua sin uilig?
3. Cad iad na comharthaí a léirigh nach raibh Joey i mbarr a shláinte?
4. Cad iad na cúiseanna arbh fhéidir a bheith taobh thiar den tinneas, dar le Albert?
5. Cad é an tinneas a bhain do Joey?
6. Cad é an seans go dtiocfadh sé slán as?
7. Cén fáth a bhfuil Joey níos speisialta do na saighdiúirí ná na capaill eile, dar le David?
8. Cén fáth a raibh croch thógála de dhíth ar Joey?
9. Ainmnigh trí rud a dúirt an Maorsháirsint Martin faoin dóigh le cúram a thabhairt do Joey.
10. Cén triúr ón bhaile ar labhair Albert fá dtaobh díobh?
11. Cad é a thugann an Sairsint Ó Tóirní ar Albert a léiríonn go bhfuil dúil aige ann?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cad é an t-athrú a tháinig ar athair Albert i ndiaidh dó Joey a thabhairt don Chaptaen Nicholls?
2. Cén fáth a raibh na focail a dúirt David chomh láidir sin?
3. Cad chuige a raibh na giollaí tréidliachta ag tabhairt aire do Joey – ar mhaithe leis-sean nó ar mhaithe le Albert, dar leat?
4. Cad é a dúirt an Sairsint Ó Tóirní a léirigh go raibh féith an ghrinn ann?

Ceisteanna Smaointeoireachta

1. Bhí Albert ag smaoineamh ar an lá a shiúlfadh sé féin agus Joey suas an lána sa bhaile. An dóigh leat go dtarlóidh sé sin? Tabhair cúis le do fhreagra.

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Eolaíocht

Faigh amach tuilleadh eolais faoin ghalar a bhí ar Joey ar a dtugtar Teiteanas.
Scríobh síos na sonraí seo a leanas:

- an t-ainm eile a thugtar air
- an chúis atá leis
- na comharthaí
- an leigheas.

Gníomhaíocht 2: Scríbhneoireacht

Scríobh litir ó Albert chuig a máthair ag cur in iúl di gur tháinig sé ar Joey.

Déan cinnte go bhfuil na rudaí seo san áireamh:

- an dóigh ar aithin sé gur Joey a bhí ann
- a cara David
- an cogadh
- filleadh ar an bhaile.